# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/2309 ÓN gCOMHAIRLE

**an 22 Nollaig 2021**

**maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Conradh Trádála Arm (CTA) an 2 Aibreán 2013 agus tháinig sé i bhfeidhm an 24 Nollaig 2014. Is Stáit is Páirtithe i CTA ('Stáit is Páirtithe') iad Ballstáit an Aontais uile.

(2) Is é is aidhm do CTA na comhchaighdeáin idirnáisiúnta is airde is féidir a bhunú maidir le rialú a dhéanamh ar an trádáil dlíthiúil gnáth-arm agus trádáil aindleathach gnáth-arm a chosc agus a dhíothú agus cosc a chur ar atreorú na n-arm sin. An Conradh a chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit is Páirtithe agus go ndéanfaí é a uiliú, sin iad na príomhdhúshláin atá ann agus é á chur san áireamh gur dianiarracht dhomhanda é an trádáil idirnáisiúnta arm a rialú. Chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/768/CBES [1] an 16 Nollaig 2013, rud a mhéadaigh punann chúnaimh an Aontais maidir le rialú onnmhairiúcháin le gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le CTA. Tháinig Cinneadh (CBES) 2017/915 [2] ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme CTA ina dhiaidh an Chinnidh sin.

(3) Chuidigh na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Chinntí 2013/768/CBES agus (CBES) 2017/915 le tíortha comhpháirtíochta raon leathan réimsí a chumhdach a bhaineann le córais náisiúnta rialaithe aistrithe arm a bhunú agus a fhorbairt, faoi mar a cheanglaítear le CTA. Aithníodh tíortha comhpháirtíochta áirithe mar thíortha aibí agus cuirfear deireadh lena rannpháirtíocht de réir a chéile, nó ní áireofar iad a thuilleadh sa tríú céim den tionscadal. Rinneadh comhar a fhorbairt le roinnt tíortha is táirbhí nár tugadh aghaidh orthu cheana faoi ghníomhaíochta cúnaimh eile de chuid an Aontais a bhaineann le rialú onnmhairiúcháin, rud a léiríonn cineál domhanda CTA. Moltar obair leantach a dhéanamh i leith roinnt de na tíortha is táirbhí sin chun a áirithiú go leanfar den dul chun cinn agus chun for-rochtain réigiúnach a spreagadh ag na tíortha sin iad féin.

(4) Chomh maith le leanúint de na gníomhaíochtaí leis na tíortha comhpháirtíochta sin a luaitear san Iarscríbhinn, is inmholta cur chuige éileamh-dhírithe a shaothrú lena bhféadfaí gníomhaíochtaí cúnaimh a ghníomhachtú ar iarraidh ó thíortha a bhfuil riachtanais shainaitheanta acu maidir le cur chun feidhme CTA. Tá sé cruthaithe gur éirigh go maith le cur chuige den sórt sin chun cúnamh a thabhairt do thíortha a bhfuil a dtiomantas agus a n-úinéireacht maidir le CTA curtha in iúl acu trína n-iarrataí ar chúnamh ón Aontas. Coimeádann an Cinneadh seo líon sonrach gníomhaíochtaí, dá bhrí sin, a mbeidh fáil orthu do thíortha ach iad a iarraidh, lena n-áirítear tíortha nach páirtithe iad fós in CTA.

---

[1] Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, faoi chuimsiú Straitéis Shlándála na hEorpa (IO L 341, 18.12.2013, lch. 56).

[2] Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38).

(5) Leis an gcúnamh ón Aontas a chuirtear ar fáil faoi Chinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle ([3]) an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn, tugtar aghaidh ar roinnt tíortha i gcomharsanacht an oirthir agus an deiscirt. Tacaíonn an tAontas le rúnaíocht CTA maidir le CTA a chur chun feidhme trí Chinneadh (CBES) 2021/649 ón gComhairle ([4]) mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm. Ina theannta sin, is soláthraí seanbhunaithe cúnaimh rialaithe onnmhairiúcháin in earraí dé-úsáide é an tAontas, agus é ag tacú le creataí dlíthiúla agus acmhainní institiúideacha a fhorbairt chun rialuithe onnmhairithe éifeachtacha ar earraí dé-úsáide a bhunú agus a fhorfheidhmiú.

(6) Ina theannta sin, tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena dtugtar sainordú maidir le rialuithe éifeachtacha ar earraí a bhaineann le hairm ollscriosta. Le rialuithe a forbraíodh chun Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus faoi chláir cúnaimh an Aontais maidir le rialú ar onnmhairiú earraí dé-úsáide, rannchuidítear leis an gcumas foriomlán CTA a chur chun feidhme go héifeachtach, ós rud é, ina lán cásanna, go mbíonn forluí idir na dlíthe agus na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le rialú ar onnmhairiú earraí dé-úsáide agus leo siúd do rialú ar onnmhairiú gnáth-arm. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, dlúthchomhar a áirithiú idir na gníomhaíochtaí a dhéantar i rialú ar onnmhairiú earraí dé-úsáide agus gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cur chun feidhme CTA, lena n-áirítear gníomhaíocht a thacaíonn le Rúnaíocht CTA.

(7) Leis an líon mór gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá údar maith le dhá eintiteas cur chun feidhme a úsáid. Chuir an Chomhairle agus an Coimisiún de chúram ar Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú ('*Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle* – BAFA') tionscadail roimhe seo a bhain le rialú ar onnmhairiú a chur chun feidhme go teicniúil. Dá réir sin, tá lear mór eolais agus saineolais forbartha ag BAFA. Tá Expertise France i gceannas ar thionscadail P2P an Aontais a bhaineann le hearraí dé-úsáide. Cuideoidh sé, i ról Expertise France i gcur chun feidhme an Chinnidh seo, le comhordú ceart a áirithiú le tionscadail a bhaineann le hearraí dé-úsáid,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach agus uiliú an Chonartha Trádála Arm (CTA), tabharfaidh an tAontas faoi ghníomhaíochtaí a bhfuil na cuspóirí seo a leanas acu:

(a) acmhainní rialaithe aistrithe agus saineolas i ndáil le cur chun feidhme CTA a neartú nó a fhorbairt i dtíortha tairbhíocha nua agus i dtíortha tairbhíocha atá ann cheana trí bhíthin ionstraimí amhail cúnamh dlíthiúil agus oifigigh cheadúnúcháin agus forfheidhmiúcháin a chur faoi oiliúint;

(b) for-rochtain chuig tíortha eile, lena n-áirítear Stáit nach Páirtithe i CTA iad, d'fhonn tacú le huilíocht CTA ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus iltaobhach.

2. Chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, tabharfaidh an tAontas faoi na gníomhaíochtaí tionscadail seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht le comhphobal saineolaithe: amhail na gníomhaíochtaí sin, díreofar ar an gcomhar le saineolaithe ón díorma saineolaithe an tionscadail a bunaíodh faoi Chinntí 2013/768/CBES agus (CBES) 2017/915 agus idir na saineolaithe sin, a neartú, chomh maith leis an gcomhar sin le saineolaithe nua, go háirithe saineolaithe ó thíortha tairbhíocha agus iarthíortha tairbhíocha i gcomhthéacs an phróisis céimnithe amach;

(b) gníomhaíochtaí náisiúnta: cuirfear gníomhaíochtaí náisiúnta ar fáil do thíortha tairbhíocha aonair bunaithe ar chlár cúnaimh tiomnaithe a cuirfear in oiriúint do riachtanais shonracha na tíre is táirbhí lena mbaineann;

(c) cuairteanna staidéir: le cuairteanna staidéir, bíonn deis ag tíortha tairbhíocha rochtain a fháil ar údaráis agus oifigigh rialtais i dtíortha eile a chuireann CTA i bhfeidhm;

(d) cúnamh spriocdhírithe gearrthéarmach maidir le ceisteanna nó saincheisteanna sonracha arna n-ardú ag tíortha tairbhíocha;

(e) cur chuige oiliúna don oiliúnóir ina mbeidh ceardlanna agus ardán ar líne;

([3]) Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 335, 13.10.2020, lch. 3).

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/649 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 133, 20.4.2021, lch. 59).

(f) gníomhaíochtaí réigiúnacha, trasréigiúnacha agus idirnáisiúnta mar fhreagairt ar iarrataí ó thíortha tairbhíocha ar mian leo foghlaim ó thaithí tíortha in áiteanna eile ar domhan;

(g) gníomhaíochtaí eile ar imeall Comhdhálacha na Stát is Páirtithe i CTA;

(h) comhdháil clabhsúir chun feasacht agus úinéireacht i CTA a mhéadú i measc na dtíortha comhpháirtíochta, geallsealbhóirí ábhartha amhail parlaimintí náisiúnta, eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, agus ionadaithe na sochaí sibhialta.

Leagtar amach san Iarscríbhinn tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear sa mhír seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is iad BAFA agus Expertise France a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a eagrú.

3. Déanfaidh Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú ('Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle – BAFA) agus Expertise France a cuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le BAFA agus Expertise France.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 3 499 892,39 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur chun feidhme. Is é EUR 3 824 892,39 a bheidh i mbuiséad measta iomlán an tionscadail iomláin. Déanfar an chuid den bhuiséad measta sin nach gcumhdaítear leis an méid tagartha a chur ar fáil trí chómhaoiniú ó Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le BAFA agus le Expertise France. Sonróidh sna comhaontuithe go n-áiritheoidh BAFA agus Expertise France infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, ar bhealach atá iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar na comhaontuithe sin chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag na heintitis chur chun feidhme. Beidh na tuarascálacha sin ina mbonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích, nó 6 mhí tar éis dháta a ghlactha mura mbeidh na comhaontuithe sin tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

G. DOVŽAN

*IARSCRÍBHINN*

**DOICIMÉAD TIONSCADAIL**

## Tionscadal For-rochtana ATT – an Tríú Céim

### 1. Cúlra agus réasúnaíocht do thacaíocht ón Aontas

Cuireann an Cinneadh seo le Cinntí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo lena dtacaítear le próiseas na Náisiún Aontaithe as a dtagann an Conradh Trádála Arm ("CTA") agus le cur chun feidhme éifeachtach agus uiliú an phróisis sin a chur chun cinn. Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe CTA an 2 Aibreán 2013 agus tháinig sé i bhfeidhm an 24 Nollaig 2014.

Is é cuspóir dearbhaithe CTA "na caighdeáin idirnáisiúnta is airde is féidir a bhunú maidir le rialú a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta gnáth-arm, nó feabhas a chur ar an rialú sin, agus trádáil aindleathach gnáth-arm a chosc agus a dhíothú agus cosc a chur ar atreorú na n-arm sin". Is é an cuspóir dearbhaithe atá aige "rannchuidiú leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach; fulaingt dhaonna a laghdú agus comhar, trédhearcacht agus gníomhaíocht fhreagrach na Stát is Páirtithe sa trádáil idirnáisiúnta i ngnáth-airm a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin muinín a chothú i measc na Stát is Páirtithe" ([1]). Dá bhrí sin, tá sprioc agus cuspóir CTA comhoiriúnach le huaillmhian fhoriomlán an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála mar a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

De dhroim ghlacadh CTA in 2013, is iad a chur chun feidhme éifeachtach agus a uiliú na príomhdhúshláin atá fós ann.

Leis an gCinneadh seo, cuirtear tacar cuimsitheach cúnaimh agus gníomhaíochtaí for-rochtana ar fáil chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach agus uiliú. Cuireann sé leis na torthaí agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón dá chéim níos luaithe a maoiníodh le Cinneadh 2013/768/CBES agus le Cinneadh (CBES) 2017/915 agus léiríonn sé go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ag tacú go leanúnach agus go tiomanta le CTA.

### 2. Cuspóirí foriomlána

Is é príomhchuspóir an Chinnidh seo leanúint de thacaíocht a thabhairt do roinnt Stát a gcórais rialaithe aistrithe arm a neartú chun CTA a chur chun feidhme go héifeachtach d'fhonn úinéireacht agus cumhachtú a bhaint amach, agus leanúint d'uiliú CTA a chur chun cinn. Déanfar an comhar a mhéadú agus a oiriúnú do na riachtanais atá ag gach tír thairbhíoch agus don dul chun cinn atá déanta inti, agus leibhéal aibíochta agus uathriail chóras náisiúnta rialaithe aistrithe arm na tíre á gcur san áireamh. Beidh sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí eile páirtithe neamhstáit in CTA a spreagadh chun an Conradh a ghlacadh agus chun tús a chur lena chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

Go sonrach, cuirfidh gníomhaíocht an Aontais an méid seo a leanas ar fáil:

(a) neartú agus/nó forbairt ar acmhainneachtaí rialaithe aistrithe arm agus saineolas do chur chun feidhme CTA i dtíortha nua agus i dtíortha tairbhíocha atá ann cheana, trí ionstraimí amhail cúnamh dlí agus oiliúint oifigeach ceadúnúcháin agus forfheidhmithe.

(b) for-rochtain chuig tíortha eile, lena n-áirítear páirtithe neamhstáit in CTA, d'fhonn tacú le huiliú an Chonartha ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal iltaobhach.

### 3. Cur síos ar ghníomhaíochtaí tionscadail

#### 3.1. *Cúnamh do chur chun feidhme CTS*

Is é cuspóir na gclár tiomnaithe cúnaimh do chur chun feidhme CTA acmhainneachtaí na dtíortha tairbhíocha a neartú chun ceanglais CTA a chomhlíonadh ar bhealach domhanda marthanach. Áireofar sna tairbhithe roinnt de na tíortha a fuair cúnamh faoi na Cinntí ón gComhairle roimhe seo agus a liostaítear sa Chinneadh seo faoi phointe 3.1.2.3, chomh maith le tíortha a iarrann cúnamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo. Tabharfar aird ar leith ar dhul i dteagmháil le tíortha ar páirtithe neamhstáit in CTA iad faoi láthair agus ar thacaíocht a chur ar fáil dóibh.

([1]) An Conradh Trádála Arm, Airt. 1

Cuirfidh na gníomhaíochtaí cúnaimh ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach solúbtha frithghníomhach agus ceapfar iad chun freastal ar riachtanais athraitheacha aonair gach tíre tairbhíche maidir le cur chun feidhme CTA. I gcás tíortha tairbhíocha a bhain tairbhe cheana as cláir cúnaimh Aontais a bhí ann roimhe seo agus a rinne dul chun cinn suntasach maidir le cur chun feidhme CTA, bainfear béim an chomhair ó chúnamh teicniúil domhain agus cuirfear í i dtreo tosaíocht a thabhairt don uathriail agus don fhéintuilleamaí (próiseas céimnithe amach) ([2]). Áireofar gnéithe den phróiseas sin sna gníomhaíochtaí tionscadail éagsúla nuair is oiriúnach agus is féidir.

Leis na gníomhaíochtaí, tabharfar aghaidh ar thír thairbhíoch amháin ina haonar, nó ar roinnt díobh a bhfuil riachtanais chomhchosúla acu. Is de réir formáidí éagsúla (i bpearsa, ar líne, hibrideach, ríomhfhoghlaim) a tharlóidh sin, agus déanfaidh saineolaithe a roghnóidh BAFA agus Expertise France saineolas a chur ar fáil.

### 3.1.1 Dul i gcomhar leis an gcomhphobal saineolaithe

#### 3.1.1.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Díreofar leis na gníomhaíochtaí ar chomhar a threisiú leis an díorma tionscadal saineolaithe a bunaíodh faoi Chinntí 2013/768/CBES agus (CBES) 2017/915 ón gComhairle, agus le saineolaithe nua, go háirithe leo siúd ó thíortha tairbhíocha agus ó thíortha iarthairbhíocha i gcomhthéacs an phróisis céimnithe amach. Cuirfidh siad chun cinn malartuithe cuiditheacha maidir le cur chun feidhme agus torthaí an tionscadail, i measc na saineolaithe atá sa díorma agus idir saineolaithe agus tíortha tairbhíocha araon, agus ar an gcaoi sin, spreagfar rannpháirtíocht fhadtéarmach sa tionscadal agus bainfear leas as saineolas laistigh de mhórphobal CTA. Rannchuideoidh na gníomhaíochtaí freisin le comhar theas-theas trí shaineolaithe ó dhlúththíortha comharsanachta a bheith rannpháirteach, i gcás inarb iomchuí.

Úsáidfear cur chuige trí ghné chun dul i gcomhar le saineolaithe, cur chuige ina mbeidh na nithe a leanas:

— cruinnithe ina mbeidh saineolaithe ón díorma saineolaithe páirteach chun spriocanna agus cineálacha cur chuige coiteanna a fhorbairt chun teagmháil a dhéanamh le tíortha tairbhíocha

— cruinnithe comhair idir saineolaithe as díorma na saineolaithe agus pointí fócasacha ó na tíortha tairbhíocha chun rannpháirtíocht na dtíortha sin sa tionscadal a mhéadú

— an t-ardán ar líne (a forbraíodh ar dtús faoin dara céim den tionscadal) agus a uirlisí a úsáid chun cumarsáid a chothú i measc saineolaithe, agus chun tacú le malartú faisnéise ar CTA agus ar chur chun feidhme tionscadal (gníomhaíochtaí, saineolaithe, etc.)

#### 3.1.1.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Is iad na heintitis cur chun feidhme a thionólfaidh cruinnithe saineolaithe, go háirithe trí dhíriú go príomha, cé nach go heisiach, ar shaineolaithe a bhí páirteach sna céimeanna roimhe seo den tionscadal agus/nó a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí tionscadail go minic. Is féidir na cruinnithe a reáchtáil go cianda, go pearsanta, nó trí úsáid a bhaint as formáid hibrideach agus beidh sé d'aidhm acu go háirithe:

— comhthuiscint a fhorbairt i measc saineolaithe ar na dúshláin agus ar na freagairtí a bhaineann le tacaíocht chur chun feidhme CTA; príomhtheachtaireachtaí a bheidh le cur in iúl le linn gníomhaíochtaí for-rochtana a chomhchuibhiú agus a chuíchóiriú;

— faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil do shaineolaithe maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag na tíortha comhpháirtíochta a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme CTA agus leis an gcúnamh a sholáthraítear laistigh den tionscadal;

— cineálacha cur chuige coiteanna a fhorbairt agus/nó a mhodhnú, de réir mar is iomchuí, a bheidh le húsáid sa chúnamh a thabharfaidh na saineolaithe ionas go mbeidh sí comhsheasmhach agus oiriúnaithe do riachtanais na dtíortha tairbhíocha.

Déanfar an díorma saineolaithe atá ann faoi láthair a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta agus leathnófar é, de réir mar is iomchuí, chun saineolaithe nua a chur san áireamh. I measc nithe eile, sainaithneofar saineolaithe nua go háirithe ó thíortha tairbhíocha a bhfuil ardchórais acu atá á gcéimniú amach ón gcúnamh teicniúil laistigh den tionscadal seo. Mar chuid den phróiseas seo, tairgfear oiliúint do na saineolaithe nua sin freisin de réir na gceardlann oiliúint don oiliúnóir a bhfuil cur síos orthu i roinn 3.1.5.2. Tacóidh rannpháirtíocht mhéadaithe na dtíortha comhpháirtíochta (agus iarchomhpháirtíochta) seo i gcáil shaineolach lena n-aistriú go hiolraitheoirí eolais laistigh den tionscadal agus ina réigiúin.

([2]) Ba cheart "céimniú amach" a thuiscint mar chur chuige a tharlaíonn de réir a chéile chun athrú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na tíre/na dtíortha le linn chur chun feidhme an tionscadail. Is é is aidhm don chur chuige sin spleáchas na dtíortha ar chúnamh seachtrach a laghdú trí neartú institiúideach agus trí fhorbairt na hacmhainneachta dúchasaí. Le linn an phróisis sin, déanfar an comhar idir an tAontas agus na tíortha faoi seach a athshainiú; Tiocfaidh athrú ar stádas na dtairbhithe, eadhon ó fhaighteoir traidisiúnta cúnaimh theicniúil go hiolraitheoirí agus soláthraithe eolais agus saineolais.

I dteannta na gcruinnithe saineolaithe, eagrófar cruinnithe comhair lena dtabharfar le chéile saineolaithe ábhartha ón díorma saineolaithe agus ó phointí fócasacha na dtíortha tairbhíocha, go háirithe iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid den díorma saineolaithe amach anseo, chun comhar faoin tionscadal a phlé. Cuirfidh na cruinnithe sin leis na bealaí cumarsáide leis na tíortha tairbhíocha chun aiseolas a bhailiú a fhéadfar a úsáid chun cáilíocht agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí cúnaimh a fheabhsú. Thairis sin, fónfaidh na cruinnithe sin mar fhóram chun na pointí fócasacha a nuashonrú maidir leis na forbairtí agus na tionscnaimh is déanaí a bhaineann le cur chun feidhme CTA agus le rialuithe trádála arm atá á bplé, ar leibhéal an Aontais agus laistigh de na réimis, i measc nithe eile. Cuideoidh sé sin le saineolas na saineolaithe ó thíortha tairbhíocha ionchasacha a thógáil, agus beidh sé ábhartha go háirithe do na tíortha tairbhíocha sin atá ina gcuid den phróiseas céimnithe amach chun a áirithiú go mbeidh siad in ann leanúint de chomhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta reatha.

An t-ardán ar líne a forbraíodh den chéad uair faoin gCinneadh roimhe seo, beidh ról tábhachtach aige freisin chun comhar leis na saineolaithe a neartú agus chun comhphobal saineolaithe a fhorbairt. Go sonrach, tabharfaidh sé deis do shaineolaithe:

— clárú, a bpróifíl a chruthú agus a réimsí saineolais a mhionsonrú, chun an comhthiomsú de ghníomhaíochtaí an tionscadail a chur ar fáil ar bhealach éagsúil éifeachtúil.

— rochtain a fháil ar leabharlann faisnéise agus doiciméad ábhartha a bhaineann leis an tionscadal agus ar chur chun feidhme CTA, chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na saineolaithe uile ar chorpas coiteann eolais CTA.

— nascadh le fóram inar féidir leo aon saincheisteanna, aon cheisteanna nó aon taithí a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le CTA agus for-rochtain a roinnt agus a phlé le chéile.

### 3.1.2 Gníomhaíochtaí náisiúnta

#### 3.1.2.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Tairgfear gníomhaíochtaí náisiúnta do thíortha tairbhíocha aonair ar bhonn clár cúnaimh tiomnaithe a bheidh curtha in oiriúint do riachtanais shonracha na tíre tairbhíche. Comhaontófar an clár leis an tír thairbhíoch roimh na gníomhaíochtaí cúnaimh d'fhonn intuarthacht a chur ar fáil do na stáit tairbhíocha maidir leis an méid atá beartaithe i dtéarmaí cúnaimh agus leagfar amach na feabhsuithe ar féidir a bheith ag súil leo ar a acmhainneachtaí rialaithe aistrithe. Áireofar sna tairbhithe na tíortha sin atá ainmnithe cheana féin sa Chinneadh seo faoi phointe 3.1.2.3 chomh maith le tíortha a iarrann cúnamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo.

#### 3.1.2.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Maidir le gach tír thairbhíoch a fhaigheann cúnamh náisiúnta aonair, déanfar clár cúnaimh tiomnaithe a shainiú sula gcuirfear tús leis an gcomhar tar éis measúnú tosaigh a dhéanamh, i bhfianaise staid reatha bhearta cur chun feidhme agus ghnóthachtálacha CTA na tíre tairbhíche sin. Is é an t-eintiteas cur chun feidhme a dhéanfaidh é sin le tacaíocht ó shaineolaithe ábhartha, i gcás inar gá. Sonrófar sa chlár cúnaimh tiomnaithe na príomhthopaicí ar a dtabharfar aghaidh agus na spriocanna foriomlána atá le baint amach faoi chuimsiú an chomhair.

Den chuid is mó, is mar cheardlann agus seimineár a bheidh na gníomhaíochtaí agus leithdháilfear iad ar bhonn solúbtha agus faoi thionchar an éilimh de réir riachtanais, leasanna agus acmhainní ionsúcháin na dtíortha tairbhíocha. Idir dhá lá agus trí a mhairfidh an tréimhse ama atá beartaithe do gach gníomhaíocht.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh tíortha tairbhíocha a iarraidh go dtabharfaí cuireadh chun gníomhaíochta náisiúnta d'ionadaithe ó thíortha tairbhíocha eile nó ó thríú tíortha. Léirítear san aiseolas a bailíodh faoi na Cinntí roimhe seo gur díol mór sásaimh do thíortha comhpháirtíochta an deis chun eolas, smaointe agus dea-chleachtais a roinnt ar bhonn déthaobhach nó foréigiúnach, agus ar an gcaoi sin comhar níos dlúithe a chothú idir tíortha comharsanachta, agus go mbaineann siad tairbhe freisin as an deis sin.

Faoi Chinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle, b'éigean roinnt gníomhaíochtaí a eagrú i bhformáid fhíorúil de bharr srianta taistil agus teagmhála a bhain le ráig COVID-19. Cé nach bhfuil na gníomhaíochtaí uile oiriúnach d'fhormáid fhíorúil, tugtar le tuiscint leis an rath a bhí ar a lán gníomhaíochtaí ar líne faoin gCinneadh roimhe seo gur féidir úsáid éifeachtach a bhaint as meascán d'fhormáidí fíorúla, pearsanta agus hibrideacha (i gcás ina bhfuil cuid de na rannpháirtithe i láthair i bpearsa, fad is a nascann na rannpháirtithe eile leis an imeacht go cianda) sa Chinneadh reatha.

Bhí roinnt tíortha a áiríodh sa Chinneadh seo ina dtairbhithe freisin den chomhar bunaithe ar threochláir faoi Chinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle agus faoi Chinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle (féach pointe 3.1.3 thíos). I bhfianaise an chúnaimh a fuair na tíortha sin cheana féin, beidh ar an gclár cúnaimh tiomnaithe do na tíortha tairbhíocha fadtéarmacha sin aird a thabhairt ar leibhéal an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus ar an tairbhe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí leanúnacha a mhéid a rinneadh faoi na Cinntí roimhe seo. I gcás inarb iomchuí, déanfar an clár tiomnaithe cúnaimh a oiriúnú chun bearta céimnithe amach agus athbhreithniú ar ról na tíre tairbhíche laistigh den tionscadal a áireamh. Áireofar leis sin, i gcás inarb iomchuí, *inter alia*, imeacht ó chúnamh náisiúnta domhain agus ina ionad sin fócas an chomhair a atreorú i dtreo saincheisteanna níos forbartha de chuid rialuithe trádála arm, amhail teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus gníomhaithe neamhshiméadracha, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'aistriú na tíre tairbhíche chuig ról níos gníomhaí maidir lena taithí agus lena saineolas a roinnt le tíortha eile, go háirithe tíortha ina réigiúin féin.

3.1.2.3 Tíortha comhpháirtíochta

Féach an iarscríbhinn don liosta tosaigh de thíortha comhpháirtíochta faoin gcinneadh seo. Leanfaidh roinnt tíortha comhpháirtíochta a fuair cúnamh faoi Chinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle agus/nó faoi Chinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle de chúnamh a fháil faoin gCinneadh seo bunaithe ar mholadh ó na heintitis cur chun feidhme. Ina dteannta siúd, agus ag brath ar líon na ngníomhaíochtaí atá ar fáil, roghnófar líon sainithe tíortha nua le linn an tionscadail nua a rachfar i mbun comhair leo agus a gcuirfear cúnamh ar fáil dóibh. I ndáil leis an méid sin, díreofar ar pháirtithe neamhstáit sa Chonradh nó ar Stáit nach bhfuil CTA daingnithe acu ach le déanaí.

Iarrfar ar thíortha nua a léiríonn suim a bheith rannpháirteach sa tionscadal iarraidh ar chúnamh a ullmhú chun CTA a chur chun feidhme. Ba cheart an bunús is fearr is féidir a bheith lena n-iarraidh, lena saineofaí, go hidéalach, na sonraíochtaí cúnaimh uile a bheadh ag teastáil. I gcás inarb ábhartha, ba cheart don tír iarrthach tagairt a dhéanamh freisin do chomhar san am a chuaigh thart nó do chomhar leanúnach le soláthraithe cúnaimh eile agus faisnéis a nochtadh maidir lena straitéis náisiúnta cur chun feidhme CTA.

Bunaithe ar mhéid an bhunúis leis an iarraidh agus ar na critéir a leagtar amach i roinn 4, déanfaidh an tArdionadaí, i gcomhar le Meitheal na Comhairle um Onnmhairiú Gnáth-Arm (COARM) agus an t-eintiteas cur chun feidhme, cinneadh maidir le hincháilitheacht na tíre iarrthaí.

I gcás ina bhformheastar an iarraidh ar chúnamh, déanfar measúnú tosaigh ar riachtanais agus ar thosaíochtaí na tíre atá ag lorg cúnaimh, mar shampla trí cheistneoirí a úsáid agus trí fhaisnéis atá ann cheana a bhailiú. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe sin, dréachtóidh an t-eintiteas cur chun feidhme agus an tír thairbhíoch, i gcomhpháirt, an creat le haghaidh clár cúnaimh tiomnaithe lena gcuirfear san áireamh aon chúnamh a bhaineann le CTA a chuirtear ar fáil trí Chiste Iontaobhais Deonach CTA, trí Shaoráid Iontaobhais na Náisiún Aontaithe chun Tacú le Comhar maidir le Rialáil Arm (UNSCAR), trí Rúnaíocht CTA, nó trí eagraíochtaí eile. I gcás ina bhfuil straitéis cur chun feidhme náisiúnta do CTA forbartha cheana féin ag an tír atá ag lorg cúnaimh, áiritheoidh an ghníomhaireacht cur chun feidhme freisin go mbeidh an treochlár cúnaimh comhsheasmhach leis an straitéis náisiúnta cur chun feidhme sin.

3.1.3 Cuairteanna staidéir

3.1.3.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Le cuairteanna staidéir, bíonn deis ag tíortha tairbhíocha teagmháil a dhéanamh le húdaráis agus le hoifigigh rialtais i dtíortha eile a chuireann CTA i bhfeidhm. Ar an gcaoi sin, is comhlánú tábhachtach iad ar ghníomhaíochtaí náisiúnta sna tíortha tairbhíocha mar go gcuireann siad creat tagartha níos leithne ar fáil do na tíortha sin a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme praiticiúil an Chonartha. Ina theannta sin, a bhuí leis an dlúth-idirghníomhaíocht a bhíonn ann idir ionadaithe na dtíortha óstacha agus oifigigh ar cuairt, is iontach an deis oiliúna a ghabhann leis na cuairteanna sin freisin, go háirithe do dhaoine ar mhian leo a bheith ina saineolaithe agus ina n-oiliúnóirí amach anseo. Cuirfear, dá bhrí sin, cuairteanna staidéir ar fáil d'oifigigh rialtais, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as beartas, ceadúnú agus forfheidhmiú, ó gach ceann de na tíortha tairbhíocha ar a dtráchtar faoi phointe 3.1.2.3.

Le cois na gcuairteanna staidéir ar údaráis ábhartha na mBallstát, féadfar sciar de na cuairteanna staidéir a dhéanamh i dtríú tíortha d'fhonn an comhar idirnáisiúnta agus an comhar theas-theas a chur chun cinn. D'fhéadfaí féachaint, go háirithe, ar na tíortha comhpháirtíochta fadtéarmacha (i.e. tairbhithe faoi Chinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle agus/nó Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle) mar óstaigh do chuairteanna staidéir. Gné eile den phróiseas céimnithe amach a bheadh sa chur chuige sin.

#### 3.1.3.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Suas le trí lá a mhairfidh gach cuairt staidéir agus is don aon tír thairbhíoch aonair a bhíonn siad ceaptha go hiondúil, ach, i gcás ina meastar gurb iomchuí sin agus/nó má iarrann na tíortha féin é, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do thíortha tairbhíocha éagsúla a bheith páirteach sa chuairt staidéir chéanna.

Baineann sé le nádúr go mbeadh daoine i láthair go pearsanta ag na cuairteanna staidéir, agus gur ar an gcaoi sin amháin a reáchtálfaí iad. Féadfar iad a reáchtáil i mBallstát nó i dtríú tír (ní gá gur tíortha tairbhíocha faoin gCinneadh seo ón gComhairle a bheadh sna tríú tíortha sin). Is faoin eintiteas cur chun feidhme a bheidh i gceannas ar an tír chomhpháirtíochta, agus a mbeidh sochar á bhaint as an gcuairt staidéir aici, a bheidh sé an chuairt staidéir a eagrú.

### 3.1.4 Cúnamh spriocdhírithe gearrthéarmach

#### 3.1.4.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Sciar den chúnamh a bhíonn á iarraidh go coitianta ag tíortha tairbhíocha, cúnamh gearrthéarmach a bhíonn i gceist i dtaobh ceisteanna nó saincheisteanna sonracha a bhíonn tarraingthe anuas acu féin. Uirlis úsáideach sholúbtha é an cineál sin tacaíochta, atá praiticiúil, spriocdhírithe agus teagmhálach agus a fhéadfar a chur ar fáil go cianda agus/nó go pearsanta, uirlis a chuideodh le tíortha tairbhíocha dul i ngleic le hábhair aonair taobh amuigh de cheardlanna agus de sheimineáir. I measc na ngníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh faoin gcineál sin cúnaimh, tá athbhreithniú agus measúnú ar théacsanna dlí agus ar dhoiciméid oifigiúla eile (e.g. dréachtaí reachtacha, nuashonruithe agus leasuithe); comhairle a thabhairt maidir le cásanna aonair, ceisteanna aonair nó dálaí aonair (e.g. i ndáil le ceadúnas áirithe a eisiúint nó le hearra sonrach a aicmiú), trí thacaíocht dhíreach ar an láthair freisin; agus ábhair a fhorbairt chun cabhrú le cur chun feidhme praiticiúil CTA sa tír thairbhíoch (e.g. treoirlínte, cairteacha, coimre ar ábhair ar leith a bhaineann le CTA).

#### 3.1.4.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Is féidir cúnamh spriocdhírithe gearrthéarmach a dhéanamh

a) go cianda, arna dhéanamh ag saineolaithe mar obair deisce nó trí leas a bhaint as uirlisí/roghanna ar líne;

b) ar an láthair, mar shampla i bhfoirm seisiún faisnéise go díreach agus go pearsanta nó i bhfoirm sannachán níos faide, a mhairfidh idir seachtain agus coicís, arna ndéanamh ag grúpa beag saineolaithe (duine nó beirt, go hiondúil) a chuireann comhairliúchán cuimsitheach agus comhairle phraiticiúil ar fáil d'údarás ábhartha sa tír thairbhíoch; nó

c) meascán den dá rogha thuas ("cur chuige cumaisc", mar a thugtar air, ina ndéantar cuid de na gníomhaíochtaí go fíorúil, ag brath ar an ábhar, fad is gur go pearsanta a dhéantar a thuilleadh acu).

Cuirfear an cineál sin cúnaimh ar fáil do na tíortha tairbhíocha uile. Leis an mbuiséad, leagfar amach uasmhéid laethanta saineolais a chionroinnfear ar na gníomhaíochtaí cúnaimh sin. Clúdóidh cuid den bhuiséad freisin aon uirlisí teicniúla agus aon trealamh is gá chun na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích, amhail táillí síntiúis d'ardáin ar líne le haghaidh doiciméid a chomhroinnt.

### 3.1.5. Oiliúint don oiliúnóir

#### 3.1.5.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Chun úinéireacht a chur chun cinn i dtaobh CTA a chur chun feidhme ar bhonn náisiúnta agus chun inbhuanaitheacht bhearta cúnaimh an Aontais faoin gCinneadh seo agus faoi Chinntí roimhe seo a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go bhforbródh na tíortha tairbhíocha cumais agus uirlisí le go bhféadfaidh siad leanúint le próiseas cur chun feidhme CTA go neamhspleách ar chúnamh seachtrach. Chun cuidiú leis an méid sin a bhaint amach, beidh sé tábhachtach tacaíocht a thairiscint do na tíortha tairbhíocha chun cumais náisiúnta a fhorbairt maidir le a) oiliúint a chur ar a bhfoireann féin agus b) corpas faisnéise agus acmhainní maidir le cur chun feidhme CTA a chur i dtoll a chéile, corpas a thacóidh le fios feasa institiúideach a fhorbairt ([3]).

Chun dúbláil neamhriachtanach a sheachaint, áiritheoidh na heintitis cur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme agus inarb iomchuí, go ndéanfar comhordú le gníomhaíochtaí eile a fhaigheann maoiniú ón Aontas sa réimse seo, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin arna gcur chun feidhme ag Rúnaíocht CTA.

([3]) Beidh mar bhuntáiste eile leis an ngníomhaíocht seo go gcuirfear le díorma saineolaithe an tionscadail, ar a dtráchtar faoi roinn 3.1.1.

3.1.5.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Beidh dhá chomhpháirt chomhlántacha ag roinnt leis an gcur chuige oiliúint don oiliúnóir, comhpháirteanna a chuirfear in oiriúint de réir na leibhéal éagsúil dul chun cinn agus aibíochta laistigh de chórais rialaithe trádála na dtíortha tairbhíocha.

Ar chomhpháirt amháin den mhodúl seo, beidh ceardlanna oiliúna a reáchtáil do shaineolaithe ó thíortha tairbhíocha éagsúla chun cur ar a gcumas oiliúint a chur ar a gcomhghleacaithe féin amach anseo agus an leibhéal saineolais atá acu á chur san áireamh. Feidhmeoidh saineolaithe nua-oilte mar iolraitheoirí saineolais CTA ina dtíortha féin, agus cuideoidh siad le hacmhainneachtaí féintacaithe institiúideacha a neartú.

Is é sprioc na ngníomhaíochtaí sin féachaint chuige go ngnóthóidh na daoine sin a bheidh ina n-oiliúnóirí amach anseo na scileanna teagaisc agus oiliúna a theastóidh chun oiliúint a chur ar bhaill foirne ina dtír féin, agus, ag an am céanna, cur le cumas na dtíortha tairbhíocha a mhéid a bhaineann le bainistiú eolais agus fios feasa institiúideach. I gcás inarb iomchuí, féadfar tíortha comhpháirtíochta a spreagadh chun "Clár Oiliúna d'Oiliúnóirí" dá gcuid féin a fhorbairt bunaithe ar an gcur chuige oiliúna agus ar na hábhair oiliúna a forbraíodh faoin gcéim seo agus faoi chéimeanna roimhe seo den chlár. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin, dá bhrí sin, a chur ar chumas na dtíortha tairbhíocha, go háirithe na tíortha sin atá le céimniú amach, a bheith níos neamhspleáiche agus níos féintuilleamaíche maidir le heolas i dtaobh CTA a chruthú, a scaipeadh agus a chothabháil i dtionól údarás rialtais ábhartha. Mar gheall gur gníomhaíochtaí teagmhálacha praiticiúla iad na gníomhaíochtaí sin, is é is oiriúnaí gur go pearsanta a rachfaí ina mbun; bíodh sin mar atá, d'fhéadfadh cur chuige cumaisc, a áiríonn gníomhaíochtaí i bpearsa agus gníomhaíochtaí fíorúla, a bheith éifeachtach freisin.

Is éard a bheidh sa dara comhpháirt ardán ar líne a thacóidh leo siúd a bheidh ina n-oiliúnóirí amach anseo a n-ábhair oiliúna féin a fhorbairt trí chnuasach ábhar agus doiciméad a bhaineann le cur chun feidhme CTA a choimeád, mar ar cuireadh i dtoll a chéile é agus/nó, más gá, arna fhorbairt ag na heintitis cur chun feidhme agus arna gcur ar fáil do na tíortha tairbhíocha. Chomh maith leis sin, cuirfidh an t-ardán ar a gcumas siúd a bheidh ina n-oiliúnóirí amach anseo comhairle a lorg ó phobal na saineolaithe agus plé a dhéanamh ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith rompu agus a gcuid seisiúin oiliúna náisiúnta á gcur chun feidhme acu. Bainfear leas as an ardán freisin chun obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun táirgí insoláthartha a táirgeadh faoin gCinneadh seo agus faoi Chinntí roimhe seo a chartlannú.

Ag tógáil ar an obair a rinneadh faoin gCinneadh roimhe seo, beidh sé de rogha ag na heintitis cur chun feidhme forbairt, coimeádaíocht agus táirgeadh an ábhair sin a tharmligean chuig saineolaithe seachtracha, arna roghnú freisin ón díorma saineolaithe, de réir mar is iomchuí. D'fhonn acmhainneacht institiúideach a neartú in údaráis ábhartha na dtíortha tairbhíocha, ba cheart do na gníomhaíochtaí oiliúna díriú freisin ar thíortha tairbhíocha a spreagadh chun a gcnuasach féin d'fhaisnéis agus de dhoiciméid a bhaineann le cur chun feidhme CTA a fhorbairt agus a choimeád.

Cuirfidh an t-ardán tionscadail le hinfheictheacht an chláir, éascóidh sé teagmhálacha idir geallsealbhóirí, cothóidh sé idirphlé idir lucht cur chun feidhme agus comhpháirtithe, agus cothóidh sé an comhar go háirithe leis na tíortha tairbhíocha a bheidh á gcéimniú amach as an tionscadal. Ábhair a fhorbrófar faoin tionscadal, cuirfear ar fáil iad, nuair is féidir sin, agus féadfaidh na rannpháirtithe, a bhuí le teicneolaíocht ar mhacasamhail líonra sóisialta, cumarsáid ghníomhach a dhéanamh ar líne agus faisnéis a mhalartú le chéile i dtimpeallacht a bhfuil cleachtadh acu uirthi. Bainfidh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit tairbhe as an ardán tiomnaithe sin freisin mar a ndéanfaidh eintitis cur chun feidhme faisnéis a mhalartú maidir le cur i gcrích na ngníomhaíochtaí.

I gcás inar féidir, fógróidh na heintitis cur chun feidhme na ceardlanna agus na hábhair oiliúna don oiliúnóir agus sainaithneoidh siad daoine a bheidh ina n-oiliúnóirí amach anseo agus iad i mbun gníomhaíochtaí cúnaimh i dtíortha tairbhíocha faoin gCinneadh seo (an cinneadh críochnaitheach maidir le daoine a ainmniú a bheidh ina n-oiliúnóirí amach anseo, is faoin tír thairbhíoch a bheidh sé i gcónaí, áfach). Ag brath ar a oiriúnaí atá siad, féadfar na hoifigigh sin a chlárú ina dhiaidh sin sa díorma saineolaithe agus tabharfar cuireadh dóibh a bheith páirteach, i gcáil saineolaí, i ngníomhaíochtaí eile ar a dtráchtar sa Chinneadh seo. Gné den phróiseas céimnithe amach a bheadh ansin freisin, i bhfianaise an dul chun cinn maith atá déanta cheana féin sna tíortha sin agus i bhfianaise an leibhéal ard cumais atá iontu a gcuid eolais agus taithí a roinnt le tíortha eile tairbhíocha. Ag an am céanna, tacóidh sé arís eile leis an sprioc atá ann go mbeadh páirt níos mó ag na tíortha tairbhíocha sin sa tionscadal, mar a bhfeidhmeoidh siad mar eiseamláirí réigiúnacha.

3.2. *Tacaíocht don uiliú*

Chomh maith le cúnamh teicniúil a thabhairt do na tíortha tairbhíocha chun tacú leo CTA a chur chun feidhme, tá sé mar aidhm leis an gCinneadh seo uiliú an Chonartha a chur chun cinn agus a chur chun tosaigh freisin, rud a chuirfidh le hiarrachtaí iltaobhacha i gcoitinne atreorú gnátharm agus gáinneáil aindleathach ar ghnáthairm a chosc agus a chuirfidh slándáil fheabhsaithe chun cinn do chách.

Chuige sin, gníomhaíochtaí a dhéanfar faoi chuimsiú an Chinnidh seo, beidh siad dírithe freisin ar chomhar a bhunú le páirtithe nach páirtithe stáit iad agus ar aontachas le CTA a spreagadh. Treiseoidh na gníomhaíochtaí gaolmhara infheictheacht an Chonartha, músclóidh siad feasacht an phobail ar na rioscaí agus ar na bagairtí a bhaineann le hatreorú gnátharm agus le gáinneáil aindleathach ar ghnáthairm, agus ag an am céanna, cuirfidh siad idirphlé chun cinn idir Stáit agus páirtithe nach páirtithe Stáit iad chun cuidiú le muinín agus trédhearcacht a chothú.

Dá bhrí sin, tairgfear tacaíocht, i gcás inarb iomchuí, do pháirtithe nach páirtithe Stáit iad a áirítear sa Chinneadh reatha, i bhfoirm gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil mar a thuairiscítear faoi phointe 3.1, lena n-áirítear gníomhaíochtaí náisiúnta agus cúnamh spriocdhírithe gearrthéarmach. Eagrófar na gníomhaíochtaí sin arna iarraidh sin don tír nach páirtí Stáit í agus eagrófar iad de réir éilimh agus infhaighteachta sa tír iarrthach.

Ina theannta sin, agus d'fhonn uiliú an Chonartha a spreagadh a thuilleadh fós, eagrófar gníomhaíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, mar a thuairiscítear thíos, a bheidh ceaptha an méid seo a leanas a bhaint amach:

— cur leis an bhfeasacht maidir leis na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann le hatreorú gnátharm agus le gáinneáil aindleathach ar ghnáthairm;

— ardán a chur ar fáil do shaineolaithe agus d'oifigigh ó na húdaráis ábhartha i dtíortha éagsúla le go bhféadfaidh siad saincheisteanna i dtaobh trádáil straitéiseach a phlé;

— cuspóirí i dtaobh uilíochas CTA, cur chun feidhme iomlán CTA agus feabhsú CTA a chur chun cinn.

Déanfar na gníomhaíochtaí i ndlúthchomhar le húdaráis na rialtas náisiúnta faoi seach agus, de réir mar is iomchuí, le hacadóirí ábhartha, le heagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha agus/nó le heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha.

3.2.1 Gníomhaíochtaí réigiúnacha, trasréigiúnacha agus idirnáisiúnta

3.2.1.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Leis na gníomhaíochtaí atá dírithe ar na réigiúin, tabharfar le chéile roinnt tíortha, ó réigiún amháin nó ó réigiúin éagsúla (gníomhaíochtaí tras-réigiúnacha agus idirnáisiúnta), chun taithí a roinnt agus chun saincheisteanna leasa choitinn ar údar imní iad a bhaineann le cur chun feidhme CTA agus le rialuithe ar thrádáil arm, a phlé. Na tíortha is tairbhithe a fuair cúnamh roimhe sin faoi Chinneadh (CBES) 2013/768 ón gComhairle agus/nó faoi Chinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle agus a bhfuil dul chun cinn agus tiomantas suntasach i ndáil le cur chun feidhme CTA léirithe acu, beidh ról an-tábhachtach acu sna gníomhaíochtaí sin mar eiseamláirí dá réigiúin faoi seach. A bhuí leis sin, d'fhéadfaí úinéireacht ar chur chun feidhme CTA ar an leibhéal réigiúnach a spreagadh agus an comhar theas-theas a chur chun cinn san fhadtéarma.

Áiríodh gníomhaíochtaí trasréigiúnacha agus idirnáisiúnta sa Chinneadh sin mar fhreagairt ar iarrataí ó thíortha tairbhíocha lenar mian foghlaim ó thaithí tíortha eile in áiteanna eile ar fud an domhain. Ar an gcaoi sin, le gníomhaíochtaí trasréigiúnacha agus idirnáisiúnta, is féidir malartú cur chuige agus cleachtas a bhaineann le CTA a chothú ar bhealach níos leithne.

3.2.1.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Eagrófar gníomhaíochtaí réigiúnacha mar ócáidí dhá lá nó trí lá agus leithdháilfear iad de réir an réigiúin. Ba cheart trí thír rannpháirteacha ar a laghad a bheith san áireamh sna gníomhaíochtaí sin. De bhreis ar na tíortha tairbheacha a liostaítear faoi phointe 3.1.2.3, beidh sé tábhachtach gur féidir le tríú tíortha nach n-áirítear ar shlí eile sa Chinneadh seo a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin, i gcás inarb ábhartha, go háirithe na Stáit sin nach Páirtithe iad. Thairis sin, i gcár inar féidir, is inmholta ceann amháin ar a laghad de na tíortha tairbheacha is seanbhunaithe atá céim chun tosaigh a rannpháirtiú (i.e. tíortha a fuair cúnamh faoi Chinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle agus/nó Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle mar a thuairiscítear i bpointe 3.1.2.3 agus a bhfuil leibhéal áirithe aibíochta bainte amach ag a chóras um rialú ar thrádáil arm) chun gníomhú mar iolraitheoir agus/nó a iarraidh ar shaineolaithe ó na tíortha sin a bheith rannpháirteach mar bhealach chun saineolas réigiúnach agus comhar theas-theas a chothú.

Beidh gníomhaíocht réigiúnach amháin ar a laghad ar siúl i ngach réigiún. Eagrófar na gníomhaíochtaí eile de réir éilimh agus infhaighteachta ó thaobh na dtíortha óstacha. Is í an rannpháirtíocht ar an láthair an fhormáid is fearr le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin toisc go n-áiritheofar léi an tionchar is mó; mar sin féin, féadfar formáidí ar líne nó formáidí hibrideacha a úsáid freisin de réir chúinsí agus roghanna na rannpháirtithe.

Murab ionann agus Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle agus Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle, ní bheidh na gníomhaíochtaí réigiúnacha teoranta do réigiúin aonair ach tabharfar, ina ionad sin, deis do thíortha tairbheacha ó réigiúin éagsúla freastal ar ghníomhaíochtaí trasréigiúnacha chomh maith. Agus céimeanna den tionscadal á gcur chun feidhme roimhe seo, thángthas chun suntais ní hamháin go bhfuil éileamh ard ann i measc tíortha comhpháirteacha foghlaim ó chéile agus faisnéis a mhalartú le chéile laistigh dá réigiúin faoi seach ach go bhfuil éileamh ard ann an méid sin a dhéanamh lasmuigh díobh chomh maith.

Chun an oiread daoine agus is féidir a chur ar an eolas agus chun go gcuirfear chun cinn ní hamháin uiliú CTA ach go gcuirfear chun cinn iarrachtaí an Aontais i dtreo na sprice sin freisin, eagróidh BAFA agus Expertise France comhdháileacha idirnáisiúnta mar ócáid eile a eagrófar ar leibhéal na Náisiún Aontaithe e.g. le linn an tseisiúin bhliantúil de Chéad Choiste Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, ar leibhéal an Aontais, sa Bhruiséil más féidir.

De bhreis ar na gníomhaíochtaí sin, beidh na tíortha comhpháirtíochta uile, geallsealbhóirí CTA agus na Stáit sin nach páirtithe iad rannpháirteach sa tionscadal freisin trí bhíthin seimineáir rialta ghréasáin maidir le hábhair a bhaineann le CTA. Is iad na feidhmeoirí a dhéanfaidh na seimineáir a stiúradh agus úsáidfear na seimineáir chun an grúpa saineolaithe a shlógadh agus deis a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta a dtaithí a roinnt. Cuirfear seirbhís ateangaireachta ar fáil le haghaidh gach seisiúin agus déanfar iad a thaifeadadh, agus a uaslódáil ar an ardán lena n-athsheinm.

Déanfar suíomh agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chomhaontú go comhpháirteach idir na heintitis cur chun feidhme agus na tíortha óstacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

3.2.1.3 Réigiúin

Beifear in ann páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin i ngach réigiún, bunaithe ar na hiarrataí a dhéanfaidh na tíortha tairbhíocha.

## 3.2.2 Imeachtaí eile ar imeall chomhdhálacha na stát is páirtithe in cta

3.2.2.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Ag Comhdhálacha Bliantúla na Stát is Páirtithe in CTA, tugtar deis ar leith teagmháil a dhéanamh leis na hoifigigh agus na geallsealbhóirí ábhartha atá i gceannas ar chúrsaí CTA. Le hócáidí eile a fhaigheann maoiniú ón Aontas, beifear in ann feasacht a ardú faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta cur chun feidhme an Aontais, éascófar teagmháil le tíortha a d'fhéadfadh cúnamh a lorg ina dhiaidh sin, agus cuirfear dea-chleachtais chun cinn, go háirithe ó thaobh na dtíortha tairbhíocha.

3.2.2.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Beidh trí ócáid eile ar siúl le linn thréimhse an chláir, i.e. ócáid amháin i gcás gach ceann de Chomhdhálacha bliantúla na Stát is Páirtithe in CTA agus eagróidh na heintitis cur chun feidhme iad go comhpháirteach. Go háirithe, féadfar na costais taistil do líon sainithe saineolaithe nó oifigeach ó thíortha tairbhíocha a chumhdach le cistí an Aontais.

## 3.2.3 Comhdháil chlabhsúir

3.2.3.1 Cuspóir na gníomhaíochta

Is é cuspóir na comhdhála clabhsúir feasacht i leith CTA agus úinéireacht CTA a mhéadú ní hamháin i measc na dtíortha comhpháirtíochta ach i measc geallsealbhóirí ábhartha amhail parlaimintí náisiúnta, eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta ar spéis leo an tionchar is leithne ba cheart a bheith á imirt ag an gConradh. Trí ionadaithe ó go leor áiteanna éagsúla ar domhan a thabhairt le chéile, beidh an chomhdháil ina fóram freisin chun an líonra idirnáisiúnta agus an pobal idirnáisiúnta de ghníomhaithe atá rannpháirteach i gcur chun feidhme an Chonartha a neartú agus chun leanúint dá uiliú.

3.2.3.2 Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Comhdháil dhá lá a bheidh sa ghníomhaíocht a eagrófar gar do dheireadh chur chun feidhme an Chinnidh seo agus d'fhéadfaí í a thionól díreach i ndiaidh chruinniú COARM. Beidh na heintitis cur chun feidhme i gceannas go comhpháirteach ar a chur chun feidhme. Ag an gcomhdháil seo, tabharfar le chéile ionadaithe ábhartha na dtíortha a thairbhíonn de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in 3.1 chomh maith le geallsealbhóirí eile a bhfuil baint acu le cur chun cinn an Chonartha agus a chuspóirí.

Ag an gComhdháil, déanfar éascaíocht ar thaithí a bheith á malartú ag na tíortha tairbhíocha, cuirfear faisnéis ar fáil maidir lena seasaimh *vis-à-vis* CTA agus stádas daingniúcháin agus cur chun feidhme CTA agus beifear in ann an fhaisnéis ábhartha a chomhroinnt le hionadaithe na bparlaimintí náisiúnta, na n-eagraíochtaí réigiúnacha agus na sochaí sibhialta.

Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfeadh na rannpháirtithe an méid seo a leanas san áireamh:

— pearsanra ábhartha ó na tíortha tairbhíocha, amhail pearsanra taidhleoireachta, míleata/cosanta, teicniúil agus pearsanra forfheidhmithe dlí; go háirithe ó údaráis atá freagrach as beartais náisiúnta agus as cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le CTA;

— ionadaithe ó eagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le cúnamh a chur ar fáil, chomh maith le hionadaithe ó thíortha ar spéis leo cúnamh straitéiseach i ndáil le rialú ar thrádáil a sholáthar nó a fháil;

— ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha (ENRanna), ó mheithleacha machnaimh, ó pharlaimintí náisiúnta agus ón tionscal.

Cinnfear suíomh, formáid (ar an láthair, go cianda nó go hibrideach), líon deiridh na rannpháirtithe agus an liosta deiridh de thíortha agus d'eagraíochtaí a dtabharfar cuireadh dóibh i gcomhairle le COARM, bunaithe ar mholadh arna dhéanamh ag na heintitis cur chun feidhme.

## 4. Tairbhithe ghníomhaíochtaí an tionscadail dá dtagraítear i roinn 3.1.2.3

De bhreis ar na stáit thairbhíocha atá ainmnithe cheana féin sa Chinneadh seo, féadfar Stáit a iarrann cúnamh d'fhonn CTA a chur chun feidhme a bheith a gceist le tairbhithe breise ghníomhaíochtaí an tionscadail dá dtagraítear i roinn 3 agus roghnófar iad ar bhonn *inter alia* na gcritéar seo a leanas:

— méid an ghealltanais pholaitiúil agus dhlíthiúil maidir le cloí leis an gConradh agus stádas chur chun feidhme na n-ionstraimí idirnáisiúnta is ábhartha maidir le rialú ar thrádáil arm agus ar aistriú arm agus is infheidhme maidir leis an tír;

— an dóchúlacht go n-éireodh leis na gníomhaíochtaí cúnaimh;

— measúnú ar aon chúnamh féideartha a fuarthas nó atá beartaithe cheana i réimse an rialaithe dé-úsáide agus aistrithe arm;

— a ábhartha atá an tír don trádáil dhomhanda arm;

— a ábhartha atá an tír do leasanna slándála an Aontais;

— incháilitheacht ODA.

## 5. Eintitis cur chun feidhme

Is inmholta dhá eintiteas chur chun feidhme inniúla a úsáid de bharr an ualaigh oibre a eascraíonn as gníomhaíochtaí faoin gCinneadh seo: BAFA agus Expertise France. I gcás inarb iomchuí, oibreoidh siad i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí rialaithe onnmhairí na mBallstát, le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta ábhartha, le meithleacha machnaimh, le hinstitiúidí taighde agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

Bhí BAFA agus Expertise France freagrach as cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2017/915 agus as cur chun feidhme na gclár for-rochtana eile de chuid an Aontais a bhí ann roimhe seo agus atá ann faoi láthair. I dteannta a chéile, tá an taithí chruthaithe, na cáilíochtaí agus an saineolas is gá ag an dá eintiteas cur chun feidhme maidir le réimse iomlán ghníomhaíochtaí an Aontais um rialú ar onnmhairiú arm, sna réimsí maidir le dé-úsáid agus le rialú ar onnmhairiú arm.

## 6. Comhordú le gníomhaíochtaí cúnaimh ábhartha eile

Áiritheoidh na heintitis cur chun feidhme comhordú cuí i measc na n-ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais, agus leas á bhaint, nuair is iomchuí, as sásraí foirmiúla comhordúcháin a bunaíodh cheana faoi chláir P2P eile de chuid an Aontais (amhail sásra comhordaithe COARM faoi Chinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle), chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— cur chuige comhtháite i leith gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais a áirithiú maidir le tríú tíortha

— forluí a sheachaint a mhéid a bhaineann le huainiú agus le hábhar na ngníomhaíochtaí

— taithí a roinnt maidir le cur chun feidhme na dtionscadal agus sineirgí féideartha a shainaithint i measc na dtionscadal cúnaimh éagsúil i réimse an rialaithe ar onnmhairiú.

Ina theannta sin, ba cheart do na heintitis cur chun feidhme lánaird a thabhairt ar na gníomhaíochtaí sin is ábhartha do CTA a dhéantar faoi chuimsiú Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun an Trádáil Aindleathach (faoina gnéithe uile) i Mionairm agus in Airm Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú, lena n-áirítear a Chóras Tacaíochta Cur Chun Feidhme (PoA-ISS), Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, Chiste Iontaobhais Deonach CTA, Saoráid Iontaobhais na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Tacaíochta Arm (UNSCAR), agus gníomhaíochtaí cúnaimh dhéthaobhaigh. Ba cheart do na heintitis cur chun feidhme idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe eile cúnaimh de réir mar is iomchuí chun faisnéis a roinnt, dúbailt mhíchuí a sheachaint agus comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú.

Beidh sé mar aidhm freisin ag an tionscadal feasacht a mhéadú i measc na dtíortha tairbhíocha maidir le hionstraimí an Aontais a bheith in ann tacú leis an gcomhar theas-theas maidir le rialuithe ar onnmhairiú. I ndáil leis an méid sin, ba cheart go gcuirfí faisnéis ar fáil i ngeall ar na gníomhaíochtaí cúnaimh faoi na hionstraimí atá ar fáil amhail an Tionscnamh maidir le hIonaid Barr Feabhais AE chun riosca Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach a mhaolú agus Cláir P2P eile de chuid an Aontais.

## 7. **Infheictheacht an Aontais agus infhaighteacht an ábhair cúnaimh**

Leis na hábhair agus na huirlisí arna dtáirgeadh ag an tionscadal, lena n-áirítear an t-ardán ar líne a bhfuil tuairisc air faoi phointe 3.1.2.2, déanfar infheictheacht an Aontais a áirithiú agus a fheabhsú. Beidh na haschuir sin i gcomhréir le cairt ghrafach agus lógónna de chuid an Lámhleabhair um Ghníomhaíochtaí Cumarsáide agus Infheictheachta le haghaidh Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais agus áireofar iontu an lógó “Clár P2P an Aontais um rialú ar onnmhairiú”. Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais a bheith rannpháirteach in imeachtaí i dtríú tíortha chun feabhas a chur ar an obair leantach pholaitiúil agus ar an infheictheacht.

Déanfar tairseach ghréasáin P2P an Aontais (https://circabc.europa.eu/ui/welcome) a chur chun cinn freisin chun críoch na ngníomhaíochtaí cúnaimh a bhaineann le CTA faoin gCinneadh seo. Dá bhrí sin, maidir leis na gníomhaíochtaí cúnaimh a dhéanann siad, ba cheart do na heintitis cur chun feidhme faisnéis faoin tairseach gréasáin a chur san áireamh agus ceadú agus úsáid acmhainní teicniúla na tairsí a spreagadh. Ba cheart go n-áiritheofaí leo infheictheacht an Aontais a mhéid a bhaineann le cur chun cinn na tairsí gréasáin. Thairis sin, ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun cinn trí nuachtlitir P2P an Aontais.

## 8. **Measúnú tionchair**

Ar chur i gcrích na ngníomhaíochtaí sin, ba cheart measúnú teicniúil a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo. Bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar thuarascálacha arna soláthar ag na heintitis cur chun feidhme, is é an tArdionadaí, i gcomhar le COARM agus, de réir mar is iomchuí, le Toscaireachtaí an Aontais sna tíortha tairbhíocha, an measúnú tionchair mar aon le geallsealbhóirí ábhartha eile.

Sa mheasúnú tionchair, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar líon na dtíortha tairbhíocha a bhfuil CTA daingnithe acu agus ar fhorbairt a n-acmhainneachtaí maidir le rialú ar aistriú arm. Sa mheasúnú sin ar acmhainneachtaí na dtíortha tairbhíocha maidir le rialú ar aistriú arm, ba cheart a chumhdach go háirithe, ullmhú agus eisiúint na rialachán ábhartha náisiúnta, comhlíonadh oibleagáidí tuairiscithe CTA agus cumhachtú comhlachta ábhartha atá i gceannas ar rialú ar aistriú arm.

## 9. **Tuairisciú**

Cuirfidh na heintitis cur chun feidhme tuarascálacha rialta, lena n-áirítear tuarascálacha a chuirfear i dtoll a chéile tar éis gach ceann de na gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Ba cheart na tuarascálacha a chur faoi bhráid an Ardionadaí tráth nach déanaí ná sé seachtaine tar éis na gníomhaíochtaí ábhartha a chur i gcrích.

*Foscríbhinn*

**Mar seo a leanas a thabharfaidh na heintitis cur chun feidhme aghaidh ar na tíortha comhpháirtíochta:**

Tíortha comhpháirtíochta BAFA (TC) in OP III AE CTA:

— An Cholóim*
— Cósta Ríce*
— An Mhalaeisia*
— Peiriú*
— An tSaimbia*
— **An tSile**‘
— **An Chasacstáin**‘
— **An Téalainn**‘

Tíortha comhpháirtíochta Expertise France (TC) in OP III AE CTA:

— Beinin*
— Buircíne Fasó*
— Camarún*
— **An Ghuáin**‘
— Na hOileáin Fhilipíneacha*
— An Cósta Eabhair*
— An tSeineagáil*
— Tóga*.

**Na TCanna sin a mheastar a bheith níos aibí (atá réidh le tús a chur leis an obair d’fhonn céimniú amach)**

1. Buircíne Fasó
2. Cósta Ríce
3. An Mhalaeisia
4. Na hOileáin Fhilipíneacha
5. An tSeineagáil
6. An tSaimbia

* : iar-thíortha an treochláir faoi OP II AE CTA

‘ : iar-thíortha *ad hoc* faoi OP II AE CTA

**cló trom:** tíortha comhpháirtíochta nua do OP III AE CTA